# Craobh Ghinealaigh Bia Fhine Gall

Ar athraigh ár gcuid béilí is fearr linn ó ghlúin go glúin?



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Fingal's Food Heritage

**Oidhreacht Bia Fhine Gall**

Fáilte go Blas, tionscadal Oidhreachta Bia Fhine Gall! I bhFine Gall tá traidisiúin láidre againn maidir le gairneoireacht, feirmeoireacht agus iascaireacht. Cuimsíonn ár n-oidhreacht bia gach rud ó oidis seantuismitheoirí, cócaireacht agus acraí, bealaí traidisiúnta feirmeoireachta agus iascaireachta, go béaloideas, an gorta, agus ainmneacha páirce.



*Cistin Theach an Droichid Nua*

**Cad é Blas?**

Scrúdaíonn, taifeadann agus comhroinneann BLAS traidisiúin, dearcthaí, creidimh agus cleachtais a bhaineann leis an gcaoi a dtáirgeann agus a ithimid bia agus cuireann sé traidisiúin bia éagsúla i láthair lucht féachana nua.

**Cad é mapa scéala dhigiteach oidhreacht bia Fhine Gall?**

Mar chuid den tionscadal, tá suíomh gréasáin agus mapa scéala digiteach cruthaithe againn a dhéanann ceiliúradh ar oidhreacht bia i bhFine Gall, atá mar chuid dár stair shóisialta. Ar an mapa scéala tá cuimhní bia a bailíodh ón bpobal i bhFine Gall, seanghrianghraif, agus oidis.

**Conas is féidir le scoileanna páirt a ghlacadh i dtionscadal Blas?**

- Iarrtar ar dhaltaí "craobh ghinealaigh" a chomhlánú a léiríonn na béilí óige is fearr leis na glúine.
- Iarraimid ar mhúinteoirí trí craobh ghinealaigh a roinnt ón rang.
- Déanfar ionadaíocht ar rogha aighneachtaí ar shuíomh gréasáin Blas.

## Buaigh turas scoile go Teach agus Feirme an Droichid Nua!

Cuirfear gach rang a sholáthraíonn craobh ghinealaigh isteach i gcrannchur duaise le haghaidh turas ranga ar **Theach agus Feirme an Droichid Nua**.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Treoir Mhúinteora

## Forbhreathnú ar an gCeacht

| Ranganna | Abhar | Snáithe | Snáithaonad | Naisc Churaclaim | Naisc Traschuraclaim |
|---|---|---|---|---|---|
| **Rang a hAon agus Rang a Dó** | **Stair** | **Mise agus mo chlann** | **Nuair a bhí mo sheantuismitheoirí óg** | Cuirfear ar chumas an linbh:<br>• gnéithe de shaol daoine nuair a bhí a seantuismitheoirí óg a fhiosrú agus a thaifeadadh, ar nós an áit a raibh cónaí orthu, a gcuid bia …<br>• éisteacht le daoine fásta ag caint faoina stair féin<br>• déan comparáid idir saolta daoine san am a chuaigh thart agus saolta daoine sa lá atá inniu ann, ag tabhairt faoi deara difríochtaí agus cosúlachtaí differences and similarities<br>• fianaise shimplí stairiúil a bhailiú agus a scrúdú m.sh., stair bhéil, oidis | • Béarla<br>• Tíreolaíocht<br>• OSPS |
| **Rang a Trí agus Rang a Ceathair** | **Stair** | **Staidéir áitiúla** | **Mo chlann** | Cuirfear ar chumas an linbh:<br>• athruithe agus samplaí de leanúnachas i saol na dtuismitheoirí agus na seantuismitheoirí a scrúdú m.sh. i mbianna …<br>• raon d'fhianaise shimplí staire a bhailiú agus a úsáid m.sh., stair bhéil, cuimhneacháin teaghlaigh (oidis) | • Béarla<br>• Tíreolaíocht<br>• OSPS |

**Nóta don Mhúinteoir:**

Sula dtabharfaidh siad faoin gceacht seo sa rang, iarr ar na daltaí 'Imscrúdú sa Bhaile' a dhéanamh ag baint úsáide as Bileog Gníomhaíochta A. Sa ghníomhaíocht seo iarrtar ar na daltaí plé a dhéanamh sa bhaile ar na béilí óige is fearr lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus seantuismitheoirí (nó duine aosta a bhfuil aithne acu air/uirthi).

# Ceacht: Mo Chraobh Ghinealaigh Bia

**Acmhainní:**

Clár bán, rogha de pháipéar A4 nó A3 le haghaidh obair ghrúpa, Bileog Gníomhaíochta A, Bileog Gníomhaíochta B, léarscáil den domhan agus cruinneog.

**Torthaí Foghlama**:

Cuirfear ar chumas na ndaltaí

- Cosúlachtaí agus difríochtaí idir béilí agus bia ón lá atá inniu ann agus san am a chuaigh thart a aithint
- Aithin conas a d'athraigh na béilí agus an bia is fearr leo ó ghlúin go glúin
- Aithin béilí agus bia ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain
- Éist le daoine fásta ag caint faoina dtaithí féin san am atá thart
- Cuir a saol i gcomparáid le saolta daoine san am a chuaigh thart
- Scrúdú a dhéanamh ar fhianaise shimplí stairiúil

**Réamhrá:**

1. Tosaigh ag insint do na daltaí faoin mbéile is fearr leat, mar leanbh agus sa lá atá inniu ann. Más féidir, bain úsáid as prapa nó íomhá don phlé seo.
2. Iarr ar na daltaí mar rang difríochtaí agus cosúlachtaí a aithint idir an béile is fearr leat san am a chuaigh thart agus san am i láthair. *Bain úsáid as an deis seo chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil raon níos leithne bia ar fáil inniu ná mar a bhí san am a chuaigh thart.*
3. Ansin iarr ar na daltaí oibriú i ngrúpaí, ag tabhairt leathanach A3/A4 do gach ceann díobh. Iarr ar na grúpaí cuid de na béilí is fearr leo a phlé agus a aithint, agus an plé a thaifeadadh ag úsáid damhánléaráid. Déan plé mar rang.
4. Gin néal focal ranga de na béilí is fearr leo sa rang. Is féidir é seo a thaifeadadh go digiteach ag baint úsáide as uirlis ar líne. (Moltaí:1) https://wordart.com 2)https://www.freewordcloudgenerator.com/ 3) https://www.wordclouds.com/)

**Forbairt:**

1. Déan plé ranga ar na rudaí a d'aimsigh na daltaí ina 'Imscrúdú Sa Bhaile'. Iarr ar na daltaí a aithint conas a d'athraigh na béilí is fearr linn ó ghlúin go glúin. Faigh cuid de na pointí seo a leanas ó na daltaí:
    - Bhí tionchar ag forbairt teicneolaíochta ar tháirgeadh bia/béilí.
    - Bhí tionchar ag forbairt iompair ar sheachadadh bia agus ar an gcineál bia/béilí a ithimid.
    - Tá níos mó bia próiseáilte ar fáil sa lá atá inniu ann.
    - Tá cineálacha nua bia/béilí tugtha isteach de bharr níos mó éagsúlacht chultúrtha.

- San am a chuaigh thart, d'ith daoine bia/béilí níos áitiúla.
- Go háitiúil san am a chuaigh thart, ba am an-tábhachtach den bhliain é an fómhar agus pobail ag obair le chéile chun bia a bhailiú.
- Roimh chuisneoirí bhí ar dhaoine bia a cheannach níos rialta. Ní raibh aon 'béilí reoite' ann.
- An dóigh leat gur ith daoine níos sláintiúla san am a chuaigh thart nó sa lá atá inniu ann?
- San am a chuaigh thart, bhí níos lú siopaí ná mar atá againn inniu, agus cheannaigh daoine bia ó mhargaí áitiúla. Mínigh gur minic a bhíodh laethanta móra margaidh ag bailte agus sráidbhailte ina gceannódh daoine táirgí úra a fhástar go háitiúil.

**Nóta:** Is féidir le daltaí léarscáileanna ranga nó cruinneoga a úsáid chun tíortha a bhaineann le béilí a aimsiú, mar shampla, stobhach Gaelach – Éire; Curaí – An India; Spaigití Bolognese – an Iodáil; Paella – An Spáinn; Tacos – Meicsiceo.

**Conclúid:**

Iarr ar na daltaí a mhíniú cad is brí le 'Craobh Ghinealaigh'. Ansin cuir in iúl dóibh go bhfuil siad chun cineál Craobh Ghinealaigh a chruthú ach go mbaineann sé leis na béilí is fearr leis na glúine éagsúla teaghlaigh. Iarr orthu Bileog Gníomhaíochta B a chomhlánú. Is féidir le daltaí a gCraobh Ghinealaigh a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

**Roghnaigh agus seol trí cinn de chraobh ghinealaigh bia do dhaltaí chugainn le sonraí do ranga agus scoile (seol scananna/grianghraif soiléire chuig [foodheritage@fingal.ie](mailto:foodheritage@fingal.ie)). Cuirfear gach rang a sholáthraíonn craobh ghinealaigh bia isteach i gcrannchur duaise le haghaidh turas ranga ar Theach agus Feirme an Droichid Nua.**

**Síneadh:**

- Iarr ar na daltaí, i ngrúpaí, póstaer a dhearadh (ar pháipéar A3), a thaispeánann ar leath den phóstaer margadh ón am atá thart agus ar an taobh eile, siopa ón lá inniu. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar na cineálacha bia a bheadh mar a chéile/difriúil. Iarr ar na daltaí a gcuid pictiúr a lipéadú. D'fhéadfaí na póstaeir seo a chur ar taispeáint sa rang.
- Cruthaigh amlíne de na béilí is fearr thar na glúnta.
- Bailigh/scríobh oideas an bhéile is fearr ó ghlúine eile.
- Duine scothaosta a thaifeadadh ag caint faoin mbéile is fearr leo.

# Bileog Gníomhaíochta A: Mo Chraobh Ghinealaigh Bia

Ar smaoinigh tú riamh ar an saol a bhí i bhFine Gall nuair a bhí ár dtuismitheoirí, ár seantuismitheoirí agus daoine scothaosta d'aois? Cad a bhí siad ag ithe? Cad iad na béilí is fearr leo? An bhfuil rudaí an-difriúil inniu?

Cad é an béile is fearr leat?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Fiafraigh de thuismitheoir/caomhnóir "Cén béile ab fhearr leat nuair a bhí tú m'aois?"

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Cén fáth gurbh é an béile is fearr leat?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Fiafraigh de sheantuismitheoir nó de sheanduine a bhfuil aithne agat orthu "Cén béile ab fhearr leat nuair a bhí tú m'aois?"

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Cén fáth gurbh é an béile is fearr leat?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-\-

Bileog Gníomhaíochta B: Tarraing na béilí is fearr leat ar an gcraobh ghinealaigh bia










CRACKERS